Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Márta 2026**
**(OR. en)**

**6879/26**

**DELACT 41**
**PECHE 74**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1240 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 27.2.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta a bhunú chun comhlíonadh na mbeart maolaithe atá ann cheana chun gabhálacha de thaisme de líon na muc mhara atá i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) a laghdú i Muir Bhailt a áirithiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1240 final.

Faoi iamh: C(2026) 1240 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.2.2026
C(2026) 1240 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 27.2.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta a bhunú chun comhlíonadh na mbeart maolaithe atá ann cheana chun gabhálacha de thaisme de líon na muc mhara atá i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) a laghdú i Muir Bhailt a áirithiú**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 3(2)(b) de Rialachán (AE) 2019/1241[1], foráiltear go rannchuideoidh bearta teicniúla, *inter alia*, leis an gcuspóir a bhaint amach maidir lena áirithiú go n-íoslaghdófar gabhálacha de thaisme de speicis mhuirí íogaire, lena n-áirítear na cinn sin a liostaítear i dTreoracha 92/43/CEE[2] agus 2009/147/CE[3], a ghabhtar de thoradh iascaireachta, agus, nuair is féidir, go gcuirfear deireadh leo sa chaoi nach bagairt ar stádas caomhnaithe na speiceas sin iad.

Le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun sainiúlachtaí réigiúnacha an iascaigh ábhartha a chur san áireamh, trí na bearta teicniúla a leagtar amach sna hIarscríbhinní a leasú, a fhorlíonadh, a aisghairm, nó tríd na bearta teicniúla sin a mhaolú, i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán sin agus i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[4].

In Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, leagtar amach bearta teicniúla arna mbunú ar an leibhéal réigiúnach le haghaidh speicis íogaire, lena n-áirítear céiticigh, trí limistéir shrianta, tréimhsí agus teorainneacha trealaimh a shonrú. Ceanglaítear le pointe 4 den Iarscríbhinn sin ar na Ballstáit faireachán agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart maolaithe faoin iarscríbhinn sin.

Is speiceas atá faoi dhianchosaint í an mhuc mhara (*Phocoena phocoena*) de réir Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 92/43/CEE, ina liostaítear na céiticigh uile mar speiceas ar leas an Aontais a bhfuil dianchosaint de dhíth orthu, agus tá an mhuc mhara liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin mar speiceas ar leas an Aontais a bhfuil gá le limistéir speisialta caomhnaithe a ainmniú chun í a chosaint.

De réir ICES, is í an mhuc mhara an t-aon speiceas céiticeach cónaitheach i Muir Bhailt, agus dhá phobal ar leith aige: pobal Cheartlimistéar Mhuir Bhailt agus pobal Mhuir na Beilte. Tá pobal Cheartlimistéar Mhuir Bhailt fós aicmithe mar phobal atá i mBaol Criticiúil ar liosta dearg an Aontais Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN) agus meastar go bhfuil níos lú ná 500 ainmhí ann. Tá pobal Mhuir na Beilte níos flúirsí, agus meastar go bhfuil níos mó ná 14 000 ainmhí ann. Tá forluí idir an dá phobal i Muir Bhailt thiar le linn an Gheimhridh go

---

1 Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).

2 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

3 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

4 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

príomha, agus tá deighilt shoiléir spásúil idir an dá phobal le linn na tréimhse atáirgthe sa Samhradh[5].

An 15 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/303[6] lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta chun gabhálacha de thaisme de líon na muc mhara atá i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) a laghdú i Muir Bhailt.

Mar a léirítear in aithris 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/303, gheall na Ballstáit sa mholadh comhpháirteach a cuireadh isteach i mí na Nollag 2020 go dtiocfaidís ar chomhaontú maidir le bearta rialaithe níos mionsonraithe atá nasctha le rialú na mbeart maolaithe arna nglacadh leis an Rialachán sin.

An 29 Aibreán 2022, d'iarr BALTFISH ar Ghrúpa Saineolaithe um Rialú BALTFISH bearta rialaithe a mholadh chun comhlíonadh na bhforálacha agus na réimsí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2022/303 a áirithiú. Cuireadh de chúram ar an nGrúpa Saineolaithe um Rialú bearta rialaithe a mholadh lenar cheart a shainiú, ar a laghad, na modhanna chun suíomh an tsoithigh a chinneadh, minicíocht íosta na gcomharthaí chun a áirithiú go soláthrófar sonraí suímh an tsoithigh leis an gcruinneas iomchuí.

Tháinig an Grúpa Saineolaithe um Rialú le chéile an 15 Meitheamh agus an 31 Lúnasa 2022 chun aghaidh a thabhairt ar an iarraidh ó BALTFISH. Chuir an Grúpa Saineolaithe um Rialú moladh críochnaitheach faoi bhráid an Ghrúpa Ardleibhéil an 21 Meitheamh 2023.

Ar an mbonn sin, chuir BALTFISH moladh comhpháirteach isteach an 27 Meitheamh 2023 maidir le bearta rialaithe níos mionsonraithe atá nasctha le rialú na mbeart maolaithe arna nglacadh faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/303.

Is éard atá i gceist leis na bearta atá beartaithe tarchur shonraí suímh na soithí a mhéadú go 10 nóiméad agus rialú a dhéanamh ar na soithí uile atá sna limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, Cuid A, pointí 3.1 go 3.4, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, nuair a bheidh feidhm ag srianta nó toirmisc ar iascaireacht le líonta éighníomhacha.

Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) measúnú dearfach ar mholtaí comhpháirteacha a rinneadh roimhe seo inar cuimsíodh na bearta rialaithe céanna le haghaidh láithreáin Natura 2000[7,8], agus tháinig sé ar an gconclúid gur cosúil go mbeadh na bearta rialaithe sin iomchuí, dá gcuirfí chun feidhme iad mar a bhí beartaithe, chun faireachán éifeachtach ar muir a dhéanamh ar láithreáin Natura 2000. I measúnuithe roimhe seo, mhol CETEI bearta rialaithe sonracha a fhorbairt le haghaidh na

---

[5] ICES (2024). Iarraidh ón Aontas maidir le tacaíocht do chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta – muca mara i Muir Bhailt (Ceartlimistéar Mhuir Bhailt). Curtha in ionad – Comhairle ó ICES: Iarrataí Speisialta. Tuarascáil: https://doi.org/10.17895/ices.advice.27967035.v3

[6] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/303 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta chun gabhálacha de thaisme de líon na muc mhara atá i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) a laghdú i Muir Bhailt (IO L 46, 25.2.2022, lch. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/303/oj).

[7] An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) – an 71ú Tuarascáil Iomlánach (STECF-PLEN-22-03). Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2023, doi:10.2760/016673, JRC132078.

[8] An Coimisiún Eorpach: An tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach, an 77ú Tuarascáil Iomlánach (STECF-PLEN-24-03), Nord, J. agus Doerner, H. eagarthóir(í), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2760/2392535, JRC140580.

láithreán sonrach sin, i bhfianaise a laghad a bhíonn siad de ghnáth agus an riosca go bhféadfaí iascaireacht a dhéanamh gan iad a bhrath[9][10].

In 2025, shainaithin ICES eangacha geolbhaigh agus traimlí (líonta éighníomhacha) ar na cineálacha trealaimh lena mbaineann an riosca is mó maidir le gabhálacha de thaisme de mhuca mara[11] agus d'athdhearbhaigh sé gur gá feabhas a chur ar an bhfaireachán ar an bpobal agus ar shonraí maidir le hiarracht iascaireachta.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 24 Márta 2023, d'eisigh Comhairle Chomhairleach Mhuir Bhailt (BSAC) tuairim maidir le moladh comhpháirteach BALTFISH a bhaineann leis na bearta rialaithe a moladh.

Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú trí nós imeachta i scríbhinn i mí na Nollag 2025.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

**Achoimre ar an ngníomhaíocht**

Leis an ngníomh tarmligthe, forlíontar na bearta teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII, Cuid A, pointe 3 a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 trí bhearta rialaithe níos mionsonraithe a chur leis chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart maolaithe.

**Bunús Dlí**

Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241.

---

9 An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) – Tuarascáil ón 55ú Cruinniú Iomlánach (PLEN-17-02); Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg; EUR 28359. GA; doi:10.2760/53335.

10 *Review of joint recommendations for Natura 2000 sites at Dogger Bank, Cleaver Bank, Frisian Front and Central Oyster ground* [Athbhreithniú ar mholtaí comhpháirteacha maidir le láithreáin Natura 2000 i meánna Dogger Bank, Cleaver Bank, Frisian Front agus Central Oyster] (STECF-19-04). Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2019, ISBN 978-92-76-11227-3, doi:10.2760/422631, JRC117963.

11 ICES (2025). Iarraidh ón Aontas maidir le tacaíocht do chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um mhuca mara i Muir Bhailt (Ceartlimistéar Mhuir Bhailt). Arna cur in ionad comhairle arna soláthar i mí na Nollag 2024. Comhairle ó ICES: Iarrataí Speisialta. Tuarascáil. https://doi.org/10.17895/ices.advice.28616360.v1

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27.2.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta a bhunú chun comhlíonadh na mbeart maolaithe atá ann cheana chun gabhálacha de thaisme de líon na muc mhara atá i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) a laghdú i Muir Bhailt a áirithiú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472, agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is speiceas atá faoi dhianchosaint í an mhuc mhara (*Phocoena phocoena*) de réir Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[2], ina liostaítear na céiticigh uile mar speiceas ar leas an Aontais a bhfuil dianchosaint de dhíth orthu, agus tá an mhuc mhara liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin mar speiceas ar leas an Aontais a bhfuil gá le limistéir speisialta caomhnaithe a ainmniú chun í a chosaint.

(2) De réir na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES), is í an mhuc mhara an t-aon speiceas céiticeach cónaitheach i Muir Bhailt, agus dhá phobal ar leith aige: pobal Cheartlimistéar Mhuir Bhailt agus pobal Mhuir na Beilte. Tá pobal Phríomh-imchuach Mhuir Bhailt fós aicmithe mar phobal atá i mbaol criticiúil ar liosta dearg IUCN agus meastar go bhfuil níos lú ná 500 ainmhí ann[3].

(3) An 15 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/303[4] lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta chun gabhálacha de thaisme de líon na muc mhara atá i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) a laghdú i Muir Bhailt.

---

1 IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj.

2 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

3 ICES. 2024. Iarraidh ón Aontas maidir le tacaíocht do chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Mhuca mara i Muir Bhailt (Ceartlimistéar Mhuir Bhailt). Sa Tuarascáil ó Choiste Comhairleach ICES, 2024. Comhairle ó ICES 2024, sr.2024.20, https://doi.org/10.17895/ices.advice.27967035

4 Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/303 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta chun gabhálacha de thaisme de líon na muc mhara atá i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) a laghdú i Muir Bhailt (IO L 46, 25.2.2022, lch. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/303/oj).

(4) Mar a léiríodh in Aithris 18 de Rialachán(AE) 2022/303, gheall na Ballstáit teacht ar chomhaontú maidir le bearta rialaithe níos mionsonraithe a bheadh nasctha le rialú na mbeart maolaithe arna nglacadh faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/303.

(5) In Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, leagtar síos rialacha ar an leibhéal réigiúnach maidir le bearta maolaithe atá ceaptha chun gabhálacha de thaisme de speicis íogaire a laghdú lena n-áirítear céiticigh. Ba cheart do na Ballstáit faireachán agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart maolaithe a bhunaítear faoi Iarscríbhinn XIII.

(6) An 29 Aibreán 2022, d'iarr Ballstáit Mhuir Bhailt – an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Fhionlainn agus an tSualainn ('BALTFISH') – ar an nGrúpa Saineolaithe um Rialú (GSR) BALTFISH bearta rialaithe níos mionsonraithe den sórt sin a mholadh. I mí Lúnasa 2022, mheas GSR gur leor na bearta rialaithe a bhí ann cheana do na limistéir sin ina raibh feistí fuaimchiaptha éigeantach. Maidir leis na limistéir ina bhfuil feidhm ag iamh spásúil/ama, mhol GSR bearta sonracha.

(7) An 27 Meitheamh 2023 agus bunaithe ar mholtaí GSR, rinne BALTFISH moladh comhpháirteach a thíolacadh maidir le bearta rialaithe níos mionsonraithe den sórt sin. Mheas BALTFISH go n-áiritheofaí leis na bearta rialaithe beartaithe, i gcomhar leis na bearta rialaithe atá ann cheana, go gcomhlíonfaí forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/303 ón gCoimisiún. Is éard atá i gceist leis na bearta atá beartaithe tarchur shonraí suímh na soithí a mhéadú go 10 nóiméad agus rialú a dhéanamh ar na soithí uile atá sna limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, Cuid A, pointí 3.1 go 3.4, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, nuair a bheidh feidhm ag srianta nó toirmisc ar iascaireacht le líonta éighníomhacha.

(8) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) measúnú dearfach ar mholtaí comhpháirteacha a rinneadh roimhe seo inar cuimsíodh na bearta rialaithe céanna le haghaidh láithreáin Natura 2000[5,6], agus tháinig sé ar an gconclúid gur cosúil go mbeadh na bearta rialaithe sin iomchuí, dá gcuirfí chun feidhme iad mar a bhí beartaithe, chun faireachán éifeachtach ar muir a dhéanamh ar láithreáin Natura 2000. I measúnuithe roimhe seo, mhol CETEI bearta rialaithe sonracha a fhorbairt le haghaidh na láithreán sonrach sin, i bhfianaise a laghad a bhíonn siad de ghnáth agus an riosca go bhféadfaí iascaireacht a dhéanamh gan iad a bhrath[78].

---

[5] An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) – an 71ú Tuarascáil Iomlánach (STECF-PLEN-22-03). Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2023, doi:10.2760/016673, JRC132078.

[6] An Coimisiún Eorpach: An tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach, an 77ú Tuarascáil Iomlánach (STECF-PLEN-24-03), Nord, J. agus Doerner, H. eagarthóir(í), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2760/2392535, JRC140580.

[7] An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) – Tuarascáil ón 55ú Cruinniú Iomlánach (PLEN-17-02); Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg; EUR 28359. GA; doi:10.2760/53335.

[8] *Review of joint recommendations for Natura 2000 sites at Dogger Bank, Cleaver Bank, Frisian Front and Central Oyster ground* [Athbhreithniú ar mholtaí comhpháirteacha maidir le láithreáin Natura 2000 i meánna Dogger Bank, Cleaver Bank, Frisian Front agus Central Oyster] (STECF-19-04). Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2019, ISBN 978-92-76-11227-3, doi:10.2760/422631, JRC117963.

(9) Thairis sin, léiríodh an gá atá leis na bearta sin le déanaí sa Chomhairle ó ICES in 2025[9], inar shainaithin ICES eangacha geolbhaigh agus traimlí (líonta éighníomhacha) ar na cineálacha trealaimh lena mbaineann an riosca is mó maidir le gabhálacha de thaisme de mhuca mara agus d'athdhearbhaigh sé gur gá feabhas a chur ar an bhfaireachán ar an bpobal agus ar shonraí maidir le hiarracht iascaireachta.

(10) Tá feidhm ag na bearta rialaithe atá beartaithe (i) ar an leibhéal réigiúnach, (ii) tá dlúthbhaint acu leis na bearta maolaithe arna nglacadh faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/303 ón gCoimisiún, (iii) tá gá leo chun faireachán a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, i gcomhréir le pointe 4 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 agus, dá bhrí sin, (iv) rannchuidíonn siad leis an gcuspóir gabhálacha de thaisme de mhuca mara i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt a laghdú.

(11) Is iomchuí, dá bhrí sin, na bearta teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII, Cuid A, pointe 3 a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 a fhorlíonadh.

(12) Chun go mbeidh a ndóthain ama ag na hoibreoirí na gairis tarchuir iomchuí a fheistiú ar a soithí, ba cheart cur i bhfeidhm phointe 3.5(b) san Iarscríbhinn a chur siar 12 mhí ón dáta teacht i bhfeidhm.

(13) Beidh feidhm ag pointe 3.5 (a) den Iarscríbhinn go dtí an 10 Eanáir 2028, tráth a bheidh a bheidh feidhm ag na rialacha nua maidir le córais faireacháin soithí a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag na bearta i bpointe 3.5 den Iarscríbhinn ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 12 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm*]

Rachaidh na bearta i bpointe 3.5(a) den Iarscríbhinn in éag an 10 Eanáir 2028.

---

[9] ICES (2025). Iarraidh ón Aontas maidir le tacaíocht do chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um mhuca mara i Muir Bhailt (Ceartlimistéar Mhuir Bhailt). Arna cur in ionad comhairle arna soláthar i mí na Nollag 2024. Comhairle ó ICES: Iarrataí Speisialta. Tuarascáil. https://doi.org/10.17895/ices.advice.28616360.v1

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27.2.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*